Comórtas do
ról mar Oifigeach Airgeadais
ar Leibhéal Ardoifigigh Feidhmiúcháin
i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Eolas d'Iarrthóirí

CÚLRA

Leabharlann taisce dlíthiúla is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ), a bunaíodh in 1877. Tá bailiúcháin iontach tábhachtach aici a bhaineann le hoidhreacht dhoiciméadach na hÉireann, lena n-áirítear leabhair chlóite, lámhscríbhinní, grianghraif, nuachtáin, clónna, líníochtaí, srl. De réir an tsainchúraim reachtúil a leagtar uirthi faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, is é ról Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ná "an taifead doiciméadach agus intleachtúil ar shaol na hÉireann a bhailiú, a chur chun cinn agus a chur ar fáil don phobal, mar aon le rochtain ar shaol mór an eolais thaifeadta a éascú".

AN RÓL

Beidh an té a n-éireoidh leis nó léi freagrach as bainistiú laethúil na foirne sa Rannóg Airgeadais agus cabhróidh le Ceann na Rannóige Airgeadais a bheith i gceannas ar an bhfeidhmeannas airgeadais d'fhonn bainistiú, rialú, comhlíonadh agus tuairisciú éifeachtach airgeadais a bhaint amach.

DUALGAIS

- Maoirseacht ar na feidhmeannais Cuntas Iníoctha agus Infhála;
- Comhlíonadh cánach, íocaíochtaí agus tuairisceáin a ullmhú;
- Cuntais bhainc a bhainistiú;
- Clár na Sócmhainní Seasta a bhainistiú;
- Maoirseacht ar chúrsaí taistil agus cothaithe;
- Maoirseacht ar chártaí creidmheasa;

- Freagrachtaí éagsúla ó thaobh rialachas corparáideach de;
- Freagrach as plé le hiarratais um Shaoráil Faisnéise agus as an gclár a choinneáil;
- Feidhmeannas Soláthair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bhainistiú;
- Obair a dhéanamh as lámha a chéile le Ceann na Rannóige Airgeadais le héascaíocht a dhéanamh ar iniúchtaí, cibé inmheánach nó seachtrach;
- Oibriú le Ceann na Rannóige Airgeadais ar thuairisciú míosúil cuntasaíochta bainistíochta agus ar phróisis a bhaineann leis an mbuiséad bliantúil;
- Feidhmiú mar an Rúnaí d'Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta agus gach dualgas riaracháin agus comhlíonta a bhainistiú thar ceann an Iontaobhais. Beidh i gceist leis an obair sin tacaíocht a chur ar fáil agus na ráitis airgeadais bhliantúla á gcur i dtoll a chéile.

Níl sa mhéid thuas ach treoir ghinearálta maidir leis an ról agus ní cur síos uileghabhálach é ar na dualgais a bhainfidh leis an ról ná ar na tascanna a d'fhéadfaí a leagan ar ról an Oifigigh Airgeadais sa Leabharlann.

NA CÁILÍOCHTAÍ, NA SCILEANNA AGUS AN TAITHÍ ATÁ AG TEASTÁIL

Bunriachtanais

- Cáilíocht ACA / ACCA / CPA;
- Taithí ar chuntais iníoctha, cuntais infhála agus obair ghinearálta sna mórleabhair;
- Taithí ar thuairisciú reachtúil iniúchóireachta, ar rialuithe inmheánacha, ar chomhlíonadh cánach agus ar chórais chuntasaíochta;
- Taithí ar an soláthar san earnáil phoiblí
- Cur amach ar Microsoft Word, Excel agus PowerPoint;
- Cruthaithe aige nó aici go bhfuil de chumas ann nó inti obair a dhéanamh as a stuaim féin agus laistigh d'fhoireann.

Riachtanais Inmhianaithe

- Taithí ar bhogearraí cuntasaíochta SAGE.

Inniúlachtaí le haghaidh Feidhmeannach Forbartha ar Leibhéal Ardoifigigh Feidhmiúcháin Táscairí Éifeachtacha Feidhmíochta
Ceannasaíocht Foirne Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile leis an bhfoireann le hardfheidhmíocht a éascú ach spriocanna soiléire, réalaíocha a leagan amach agus dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta má éiríonn a leithéid Cuirfidh sé nó sí eolas agus comhairle shoiléir ar fáil maidir lena bhfuil sé nó sí ag súil leis ón bhfoireann Déanfaidh sé nó sí a s(h)eacht ndícheall bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm le cuspóirí a bhaint amach go héifeachtach Tabharfaidh sé nó sí ceannaireacht agus dea-shampla uaidh nó uaithi ach cóitseáil agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá Leagfaidh sé nó sí an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann le forbairt agus oiliúint foirne agus le scileanna agus acmhainn na foirne a uasmhéadú Beidh sé solúbtha, sásta dul in oiriúint do chásanna nua, agus glacfaidh páirt dhearfach in athruithe a chur i bhfeidhm

Anailís agus Cinnteoireacht

Baileoidh sé nó sí eolas ó fhoinsí ábhartha, amhail foinsí airgeadais, foinsí uimhriúla nó foinsí eile, déanfaidh anailís uirthi agus measfaidh raon fachtóirí criticiúla

Cuirfidh sé nó sí saincheisteanna leathana, cláir oibre, íogaireachtaí agus na himpleachtaí a bhaineann leo sa chuntas agus cinntí á ndéanamh aige nó aici

Cuirfidh an t-eolas agus an taithí atá ann cheana bonn eolais faoi na cinntí a dhéanfaidh sé nó sí

Déanfaidh sé nó sí cinntí maithe a mbeidh bunús stuama, ciallmhar taobh thiar díobh agus seasfaidh le cinntí den sórt sin

Cuirfidh sé nó sí réitigh chun cinn le dul i ngleic le fadhbanna

Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach

Glacfaidh sé nó sí le freagracht as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach

Éireoidh leis nó léi raon tionscadail agus gníomhaíochtaí éagsúla a bhainistiú ag an am céanna

Déanfaidh sé nó sí a c(h)uid oibre féin agus obair daoine eile a struchtúrú agus a eagrú go héifeachtach

Glacfaidh sé nó sí le cur chuige loighciúil, pragmatach i leith na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil

Dáilfidh sé nó sí obair ar dhaoine eile go héifeachtach agus cuirfidh eolas agus fianaise shoiléir ar fáil faoina bhfuil le déanamh

Déanfaidh sé nó sí sainaithint réamhghníomhach ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus molfaidh bealaí praiticiúla le déanamh amhlaidh

Glacfaidh sé nó sí go fonnmhar le forbairtí/cleachtais oibre nua agus déanfaidh a s(h)eacht ndícheall iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach

Cuirfidh sé nó sí córais/próisis chuí i bhfeidhm le cáilíocht gach gnímh agus aschuir a sheiceáil

Leagfaidh sé nó sí béim láidir ar sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Cothóidh agus coinneoidh sé nó sí caidreamh le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile le cabhrú leis nó léi a ról a chomhlíonadh

Feidhmeoidh sé nó sí mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht ardbhainistíochta

Spreagfaidh sé nó sí plé oscailte, dearfach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an obair

Beidh sé de mhisneach aige nó aici beart a dhéanamh de réir a c(h)uid tuairimí, rud ar dá bharr a dtacóidh páirtithe leasmhara leis nó léi. Beidh sé in ann na buntáistí a chur ina luí ar chách.

Caithfidh sé nó sí le daoine eile go stuama tuisceanach agus léireoidh cúirtéis agus meas dóibh fiú i gcásanna deacra

Cuirfidh sé nó sí eolas in iúl ar bhealach soiléir, muiníneach, cibé ó bhéal nó i scríbhinn

Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile le comhghleacaithe agus tacóidh leo spriocanna na heagraíochta a bhaint amach

Saineolas agus Forbairt Foirne

Beidh tuiscint shoiléir aige nó aici ar róil, cuspóirí agus spriocanna an duine aonair agus na foirne ar fad agus ar an gcaoi a mbaineann siadsan le saothar an aonaid agus na Rannóige/na hEagraíochta. Déanfaidh sé nó sí cumarsáid éifeachtach le daoine eile, leis.

Beidh ard-saineolas aige nó aici ar a réimse oibre féin, chomh maith le cur amach leathan ar an Earnáil Phoiblí

Beidh sé nó sí dírithe ar fhéinfhorbairt agus déanfaidh gach uile iarracht a f(h)eidhmíocht a fheabhsú

Dúthracht agus Tiomantas do Threoirphrionsabail na Seirbhíse Poiblí

Déanfaidh sé nó sí a d(h)ícheall ardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach ach a d(h)úthracht a chaitheamh le cuspóirí comhaontaithe a chomhlíonadh. Léireoidh sé nó sí go bhfuil teacht aniar ann nó inti sa chaoi a dtéann sé nó sí i ngleic le cásanna dúshlánacha nó deacra

Féadfar brath air nó uirthi go pearsanta

Cinnteoidh sé nó sí go dtugtar tús áite don chustaiméir i ngach uile sheirbhís a chuirtear ar fáil

Beidh ardchaighdeáin ionracais, eitice agus macántachta aige nó aici

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

Beidh an ceapachán chun an phoist ar Leibhéal Ardoifigigh Feidhmiúcháin faoi réir na ngnáthchoinníollacha lena rialaítear a leithéid de cheapacháin.

Pá

Is é gnáthscála an Ardoifigigh Feidhmiúcháin an scála pá is infheidhme don phost (rátaí bailí ón 1 Deireadh Fómhair 2018:

Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (RPP)

Beidh feidhm ag an scála pá RPP sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí cheana féin a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin agus a n-éilítear air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta phinsin a dhéanamh. Beidh feidhm aige freisin ar bhuanfhostaithe nua agus ar fhostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

€48,028.00 €49,432.00 €50,832.00 €52,233.00 €53,638.00 €55,040.00 €56,441.00 €58,466.00 BFS1 €60,486.00 BFS2

**Is éard is BFS1 ann ná breisíocht fadsheirbhíse a bhronntar ar an duine tar éis dó nó di 3 bliana a chur isteach ar an bpointe is airde ar an scála.*
**Is éard is BFS2 ann ná breisíocht fadsheirbhíse a bhronntar ar an duine tar éis dó nó di 6 bliana a chur isteach ar an bpointe is airde ar an scála.*

Ranníocaíocht Neamhphearsanta Phinsin (Neamh-RPP)

Beidh feidhm ag an tuarastal neamh-RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin) sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí a ceapadh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach n-éilítear air nó uirthi Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

€45,717.00 €47,052.00 €48,379.00 €49,709.00 €51,040.00 €52,379.00 €53,712.00 €55,628.00 BFS1 €57,549.00 BFS2

**Is éard is BFS1 ann ná breisíocht fadsheirbhíse a bhronntar ar an duine tar éis dó nó di 3 bliana a chur isteach ar an bpointe is airde ar an scála.*
**Is éard is BFS2 ann ná breisíocht fadsheirbhíse a bhronntar ar an duine tar éis dó nó di 6 bliana a chur isteach ar an bpointe is airde ar an scála.*

Nóta Tábhachtach

Tiocfaidh an ceapaí isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. Féadfar an ráta a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais, leis.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, féadfaidh sé go n-íocfar breisíochtaí feidhmíochta de réir bheartas reatha an Rialtais (féach Alt 5.1 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí, 2018-2020 le haghaidh na n-athruithe a rinneadh le déanaí).

Féadfaidh sé go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, go bhfuil tú i do státseirbhíseach nó i d'fhostaí sa tseirbhís phoiblí atá ag fónamh.

Beidh an ráta pá arna thairiscint iníoctha go coicísiúil i riaráiste trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) isteach i do rogha cuntais bainc. Ní fhéadfar aon íocaíocht a dhéanamh go dtí go dtabharfaidh tú IBAN agus IBIC don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhainitíreachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Aon ró-íocaíocht tuarastail nó costas taistil agus cothabhála, féadfar í a asbhaint ó íocaíochtaí tuarastail a bheidh ag dul duit ina dhiaidh sin de réir an Achta um Íoc Pá, 1991. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint do na himthosca uile.

Tionacht

Post buan a bheidh sa cheapachán tar éis tréimhse phromhaidh 12 mhí a chur i gcrích go rathúil.

Le linn na tréimhse phromhaidh sin, féadfaidh Ceann na Rannóige Forbartha athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí lena mheas:

(i) ar fheidhmigh sé nó sí go sásúil,
(ii) an raibh a (h)iompar ginearálta sásúil, agus
(iii) an bhfuil sé nó sí oiriúnach don phost ó thaobh sláinte de (aird ar leith le tabhairt ar shaoirí breoiteachta).

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith aige ná aici le haon gnóthas seachtrach a rachadh salach ar a c(h)uid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá f(h)eidhmíocht ná a chuirfeadh a m(h)acántacht i mbaol.

Uaireanta Freastail

Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham, ach ní bheidh níos lú ná 43.25 olluair an chloig in aghaidh na seachtaine (37 glanuair an chloig in aghaidh na seachtaine) i gceist leo.

Saoire Bhliantúil

29 lá in aghaidh na bliana a bheidh sa liúntas saoire bliantúla, a mhéadóidh go 30 lá tar éis 5 bliana. Beidh an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoirí bliantúla, agus é bunaithe ar sheachtain cúig lá gan gnáthshaoirí poiblí a áireamh.

Saoire Bhreoiteachta

I rith asláithreacht bhreoiteachta íocfar an ceapaí ar bhonn pro rata de réir fhorálacha na n-imlitreacha a bhaineann le saoire bhreoiteachta sa tseirbhís phoiblí, ar chuntar go mbeidh an asláithreacht sin teistithe go cuí agus nach mbeidh aon fhianaise ar bhuan-mhíchumas ann.

Oifigigh a íocann Aicme A den ÁSPC, éileofar orthu a lámh a chur le sainordú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Le híocaíochtaí a fháil le linn breoiteachta, éileofar ar an oifigeach gach éileamh ar árachas sóisialta is gá a chur isteach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorannacha ama.

Suíomh

Is in áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, a bheidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi bunaithe ar dtús, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh sé nó sí bunaithe in aon áitreabh de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mBaile Átha Cliath.

Aoisliúntas agus Scor

Cuirfear ar fáil don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi na téarmaí agus coinníollacha cuí aoisliúntais a bheidh i réim i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tráth a dtairgfear an ceapachán dó nó di. Seachas i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) sa tseirbhís phoiblí le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán (féach alt d anseo thíos), fágfaidh sé sin go mbeidh ballraíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") i gceist leis gceapachán.

Seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

a. **Aois Inphinsin**
Is é 66 bliain d'aois (le hardú go 67 agus 68) an aois íosta a thiocfaidh an pinsean chun a bheith iníoctha de réir athruithe ar aois an Phinsin Stáit.

b. **Aois Scoir** Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor tráth a slánóidh siad 70 bliain d'aois.

c. **Laghdú Pinsin**
Más rud é go raibh an ceapaí fosaithe sa Státseirbhís roimh ré agus go bhfuil sé nó sí ag fáil pinsean ón Státseirbhís, beidh feidhm ag na gnáthrialacha laghdaithe. Bíodh sin mar atá, más rud é go raibh an ceapaí fosaithe sa Státseirbhís roimh ré agus gur bronnadh pinsean air nó uirthi faoi shocruithe scoir luaith dheonaigh (seachas an Scéim Dreasachtaí Luathscoir nó Imlitir 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte, a fhágann, mar atá luaite thuas, nach mbeidh an té incháilithe don chomórtas seo), scoirfear den teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ón dáta athcheaptha. Déanfar socruithe speisialta, áfach, le seirbhís roimhe arna tabhairt ag an gceapaí a ríomh chun críche aon íocaíochta aoisliúntais a bhféadfadh sé nó sí a bheith ina teideal san am atá le teacht. Más rud é go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimh ré, tabhair faoi deara go ndéantar foráil san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 leis an laghdú pinsin a leathnú amach d'fhostaithe sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a dhéantar a athfhostú sa chás go bhfuil pinsean seirbhíse poiblí á íoc leo. An fhoráil sin leis an laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí, tháinig sí in éifeacht an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí ag an bhforáil sin ar**

phinsean duine a cheapfar chun an phoist seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó atá i seilbh pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí a thiocfadh chun a bheith iníoctha le linn dó nó di a bheith fostaithe sa phost seo.

- **Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**
  Imlitir 102/2007
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, ach amháin i gcásanna atá leagtha amach in ailt 10.2 agus 10.3 den chiorclán ábhartha, agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le scor luath faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear é nó í ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le híoc phinsean an duine sin faoin scéim. Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht phinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Drochshláinte**
  Tabhair faoi deara, sa chás go ndeachaigh duine aonair ar scor ó chomhlacht sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí de dheasca drochshláinte, go bhféadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú ar a p(h)insean ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca drochshláinte i scéim pinsin na fostaíochta sin.

d. **Iar-Státseirbhísigh**
Cé go mbaineann na gnáth-théarmaí pinsin atá leagtha amach thuas le ballraíocht sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag an scéim sin ar dhaoine áirithe. Tá na sonraí uile maidir leis na coinníollacha lena rialaítear cibé acu atá fostaí sa tseirbhís phoiblí ina bhall den Scéim Aonair nó nach bhfuil le fáil sna Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é an príomhchás eisceachta (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), dá n-éireodh le hiarrthóir a d'oibrigh i gcáil inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán, nach dtiocfadh sé nó sí chun a bheith ina b(h)all den Scéim Aonair go ginearálta. Sa chás sin, thabharfaí deis dá leithéid d'iarrthóir ballraíocht a ghlacadh sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("An Scéim Pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe"). Chiallódh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha laghdaithe faoi (c) thuas, agus go mbeadh iarmhairtí ann i leith fabhrú pinsin chomh maith, mar atá leagtha amach anseo thíos:

e. **Fabhrú Pinsin**
Ní fhéadtar níos mó ná 40 bliain seirbhíse a chur san áireamh le haghaidh pinsin sa chás go raibh an té ina b(h)all de bhreis is aon scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain sin, a ndéantar foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis sin d’aon cheapaí a bhfuil cearta pinsin aige nó aici ó fhostaíocht roimhe sa tseirbhís phoiblí.

f. **Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**

Beidh an ceapachán seo faoi réir asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009.
Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, féach an láithreán gréasáin seo a leanas: http://www.per.gov.ie/ga/pensions .

Fógra tábhachtach:
Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí fostaíochta uile. Leagfar amach na téarmaí sin sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

An Fhoirm Iarratais a Chomhlánú

Caithfear foirm iarratais oifigiúil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a úsáid le hiarratas a dhéanamh, rud is féidir a fháil ar líne ag **http://www.nli.ie/vacancies**. Ní ghlacfar le hiarratais nach bhfuil ar fhoirm iarratais oifigiúil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is ar an iarrthóir a bheidh an fhreagracht as an iarratas a chur isteach ar an bhfoirm cheart.

Ba chóir **TRÍ** chóip de d'iarratas a chur isteach tríd an bpost chuig:-

An tAonad Acmhainní Daonna
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
4 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Déanfar na hiarratais a ghearrliostú de réir an eolais a thabharfar ar na foirmeacha iarratais a bhaineann leo. Is ar an iarrthóir a bheidh an fhreagracht as bheith ar fáil d'agallaimh/thástálacha ar na dátaí agus ag na hamanna a shonrófar.

Coinníonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an ceart aici féin gach fiosrúchán a dhéanamh maidir leis an iarrthóir a mheasfaidh is gá sula dtairgfidh post dó nó di.

An Dáta Deiridh a nGlacfar le hIarratais

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh **15:00**, **an Aoine an 03 Nollaig 2018**. **Cloífear leis an dáta agus leis an am deiridh go docht daingean.**

Dícháileofar aon duine a théann i mbun canbhasála.

Formáid an Chomórtais

Féadfaidh sé go mbeidh roinnt gnéithe éagsúla i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin le haghaidh an chomórtais seo. Féadfaidh sé go n-áireofar leis sin ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:-

- Ceistneoir Measúnaithe ar Líne;
- Tástáil/tástálacha measúnaithe ar líne nó i scríbhinn;
- Gearrliostú;
- Agalla(i)mh;
- Cur i láthair/cleachtadh anailíse;
- Tástáil ar shampla oibre nó aon tástálacha nó aon chleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí

Féadfar painéal a chur ar bun óna líonfar folúntais amach anseo.

Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar

Iarrthóirí nach gcuireann fianaise is ábhartha dá n-iarrthóireacht ar fáil nuair a iarrann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann orthu déanamh amhlaidh, cuirfear a n-iarratas as an áireamh.

An Próiseas Athbhreithnithe i ndáil leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déanfar plé le hiarratais ar athbhreithniú de réir "An Cód Cleachtais: Ceapadh chun Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí" arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - is féidir teacht ar an gcód ar www.cpsa.ie/ga .

Déanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais ar athbhreithniú (a chuirfear chuig an Aonad Acmhainní Daonna) a mheas mar seo a leanas:-

- Próiseas neamhfhoirmeálta: caithfear leas a bhaint as laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógairt an chinnidh tosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó laistigh de 2 lá oibre tar éis cinneadh maidir le céim eatramhach a fháil (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmeálta: caithfear an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre tar éis fhógairt an chinnidh tosaigh nó, más céim eatramhach den iarratas ar athbhreithniú é, caithfear é a fháil laistigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód).
- Féadfaidh an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfadh eadránaí athbhreithniú ar thoradh an athbhreithnithe tosaigh agus caithfear iarratas den sórt sin a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).

Déantar plé in Alt 8 den Chód leis na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc i ndáil le líomhaintí faoi shárú ar an gCód Cleachtais.

Aiseolas ón Iarrthóir

Ag teacht le prionsabail an Chóid Cleachtais thuasluaite, tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a chur ar fáil d'iarrthóirí. Dá réir sin, tá sé de pholasaí ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann aiseolas i scríbhinn a chur ar fáil d'iarrthóirí. San aiseolas sin luafar na marcanna a bronnadh ar an iarrthóir sa chomórtas, cuirfear a f(h)eidhmíocht i gcomparáid le feidhmíocht na n-iarrthóirí eile agus beidh focal ón mbord measúnaithe maidir le feidhmíocht fhoriomlán an iarrthóra faoi gach ceann de na ceannteidil inniúlachta.

Rochtain ar Eolas

Úsáidfidh an bord agallaimh na **TRÍ** chóip chrua. Tar éis an chomórtais, coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna **AON CHÓIP AMHÁIN** agus léirscriosfar **AN DÁ CHÓIP** eile. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, agus ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Incháilitheacht chun Dul san Iomaíocht agus Srianta Áirithe ar Incháilitheacht

Ba chóir don iarrthóir a thabhairt faoi deara nach mbeidh ach saoránaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (an LEE) incháilithe chun dul san iomaíocht. Tá an LEE comhdhéanta de bhallstáit an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an Íoslainn, le Lichtinstéin agus leis an Iorua. Beidh saoránaigh de chuid na hEilvéise incháilithe chun dul san iomaíocht freisin.

An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER)

Is coinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir, mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine a théann ar scor faoin scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin ní ceadmhach do dhaoine den sórt sin cur isteach ar an bpost seo.

Imlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí

Le hImlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach an Scéim Luathscoir Spriocdhírithe agus an Scéim Iomarcaíochta Deonaí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir Spriocdhírithe nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe chun athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí ar an iomlán ná in aon chomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le hairgead poiblí. Beidh feidhm ag an toirmeasc céanna orthu siúd a bhaineann leas as an Scéim Iomarcaíochta Deonaí, ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach ar feadh 7 mbliana agus go gcaithfear cead a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina dhiaidh sin le filleadh ar aon fhostaíocht. Daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin, ní bheidh siad incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

Le litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia le fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann sin nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe chun athfhostú sa tseirbhís phoiblí in aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar atá sainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin caithfear cead a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le filleadh ar fhostaíocht. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (.i. go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart) agus cead a fháil ón Aire sula bhféadfaidh aon chomhlacht seirbhíse poiblí iad a fhostú.

DEARBHÚ

Éileofar ar iarrthóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimh ré as scéim dreasachtaí luathscoir agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann thuasluaite don tseirbhís phoiblí. Aon teidlíochtaí atá ag iarrthóirí chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht

eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó aon íocaíocht in ionad sochar den sórt sin a fuair siad i leith fostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí, éileofar orthu iad sin a fhógairt chomh maith.